- Beidh go leor gairis stórála sonraí fholamha (tiomántáin soladstaide is fearr) ar bord soithí i gcás nach mór iad a ionadú ar muir. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar bhall criú atá oílte go speisialta na gairis a athsholáthar le linn turas iascaireachta má tá an toilleadh stórála sonraí ídithe, agus é sin a dhéanamh i gcomhar leis an soláthraí seirbhíse FL i gcónaí.
- Beidh gairis chúltaca dhúblacha ar leithligh san áireamh sa trealamh FL, chun a áirithiú nach gcaillfear sonraí má theipeann ar ghaireas amháin.

Comhoiriúnacht

- Cuirfear sonraí FL faoi bhráid IATTC i bhformáid a bheidh comhoiriúnach le bunachair sonraí agus le hacmhainní TF IATTC (e.g., struchtúr sonraí, aonaid, aitheantas speicis/cóid gníomhaíochta iascaireachta eile, etc.).
- Déanfar íomhánna taifeadta a thaifeadadh i bhformáid comhaid físe nó íomhá a úsáidtear go forleathan agus atá inrochtana, amhail MP4 nó JPEG.
- Beidh gach Taifead FL arna ghiniúint ag an gcóras FL comhoiriúnach le bogearraí anailíse FL atá á n-úsáid ag an Ionad Athbhreithnithe FL, áit a seolfar Taifid FL chun sonraí FL a ghiniúint.

Trealamh FL a chothabháil

- Ar muir, is ball/baill oílte ainmnithe de chriú an tsoithigh a dhéanfaidh gach gníomhaíocht chothabhála, deisithe agus athsholáthair maidir le trealamh FL, agus ní dhéanfar na gníomhaíochtaí sin ach i gcomhordú leis an soláthraí seirbhíse FL agus nuair a thabharfaidh an soláthraí seirbhíse FL treoir é sin a dhéanamh go cianda.
- Ar talamh, déanfaidh teicneoir gach gníomhaíocht chothabhála, deisithe agus athsholáthair maidir le trealamh FL i gcomhar leis an soláthraí seirbhíse FL.
- Beidh ball criú ainmnithe ar gach soitheach a bheidh freagrach as lionsaí ceamara a ghlanadh go rialta, de réir prótacal sonrath, chun soiléireacht taifead FL a áirithiú, de réir prótacal a fhorbróidh foireann eolaíoch IATTC. Ní mór ábhair ghlantacháin iomchuí a úsáid chun damáiste do lionsaí a sheachaint agus beidh na hábhair sin ar fáil ar bord i gcónaí.

TÁBLA 1. Sampla de shuíomh na gceamaraí i soithí peas-saighne d'aicme 2-6.

Soithí d'Aicme-6 ina bhfuil 6 shraith umar nó níos mó
<ul style="list-style-type: none">• Dhá cheamara lánléargais (e.g., 180°) ar an gcrannóg, lena gcumhdaítear an clébhord (láithreacht/easpa ní snámhach le haghaidh cinneadh cineáil coir agus idirghníomhaíochtaí FAD, agus agaí coir) agus an deasbhoird (an líon luasbhád a úsáidtear sa chor, cur amach FADanna, sainaitint foghabhálacha móra, ábhar muirí aischurtha, agaí coir).• Ceamara amháin (e.g., 105°) ar chúl na crannóige, lena gcumhdaítear an

<p>phríomhdheic agus an limistéar saic (sainaithint speiceas gabhála agus foghabhála, ábhar muirí aischurtha).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ceamara amháin (e.g. 105°) ar dhíon an droichid, lena gcumhdaítear an bogha (cur amach FADanna, aisghabhálacha). • Ceamara amháin (e.g., 105°) ar dhíon rialtán an bhumaile, lena gcumhdaítear an limistéar brailéara (meastachán iomlán ar ghabhálacha, sainaithint foghabhála, ábhar muirí aischurtha). • Trí cheamara (e.g., 105°), agus an líon céanna rónna umair á gcumhdach ag gach ceann acu (sainaithint na gabhála agus na foghabhála agus meastachán de réir speicis, ábhar muirí aischurtha).
<p>Soithí d’Aicme-5 ina bhfuil níos lú ná 6 shraith umar</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Dhá cheamara lánléargais (e.g., 180°) ar an gcrannóg, lena gcumhdaítear an deasbhord agus an clébhord. • Ceamara amháin (e.g., 105°) ar chúl na crannóige, lena gcumhdaítear an príomhdheic agus an limistéar saic (cur amach FADanna, agus aisghabhálacha). • Ceamara amháin (e.g., 105°) ar dhíon rialtán an bhumaile, lena gcumhdaítear an limistéar brailéara. • Dhá cheamara (e.g., 105°) lena gcumhdaítear an líon céanna rónna umar.
<p>Soithí d’Aicme-2 nach bhfuil rochtain ar dheic fhliuch acu</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Ceamara lánléargais amháin (e.g., 180°) ar an gcrannóg, lena gcumhdaítear an clébhord. • Ceamara amháin (e.g., 105°) ar chúl na crannóige, lena gcumhdaítear an príomhdheic. • Ceamara amháin (e.g. 105°) ar dhíon an droichid, lena gcumhdaítear an bogha. • Ceamara amháin (e.g., 105°) ar dhíon rialtán an bhumaile, lena gcumhdaítear an limistéar brailéara.


TÁBLA 2. An chéad sampla le haghaidh suíomh ceamaraí i mbáid spiléireachta.

Is samplaí iad seo a leanas de dhearadh suiteála ceamara, atá bunaithe ar fhaisnéis a bailíodh ó sholáthraithe seirbhíse FL agus ó thionscnaimh idirnáisiúnta (e.g. Carnes *et al.* 2019):

<p>Soithí spiléireachta beaga (<20 m ar fhad foriomlán)</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Ceamara amháin (e.g., 105°) ar an deic iascaireachta chun speicis a shainaithint. • Ceamara amháin (e.g., 105°) suite lasmuigh den ráille taoibh chun an doras iasc a chumhdach, áit a dtugtar an ghabháil ar bord.
<p>Soithí spiléireachta meánmhéide (20-24 m ar fhad foriomlán) agus mórmhéide (> 24 m ar fhad foriomlán)</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Ceamara amháin (e.g. 105°) ag deireadh an tsoithigh chun an líon snámhán, duán agus baoití a úsáidtear sa chor a thairfeadh. • Ceamara amháin (e.g., 105°) atá suite i lár loinge, lena gcumhdaítear an ghabháil iomlán agus ábhar muirí aischurtha de réir speicis, méide agus cinniúna. • Ceamara amháin (e.g., 105°) atá suite ag an mbogha, lena gcumhdaítear an ghabháil a choinnítear, de réir speicis, méide agus cinniúna, le linn an

tarlaithe. (Roghnach, más gá chun na radhairc is gá a fháil)

- Ceamara amháin (e.g., 105°) suite ar an mbumaile, lasmuigh den ráille ag a ndéantar an líne a tharlú, chun seachaint gabhála, gearradh líne, etc., a thairfeadh. (roghnach le haghaidh 20-24 m)



Eochair Eolais:

A

- *C1 :105° Cur amach/aisghabháil FADanna -*
- *C2 :105° Ráta foghabhála, Ábhair aischurtha, Réamh-shainaitheantas speiceas, Réamh-chomhdhéanamh méideanna na speiceas-*
- *C3 :180° Láithreach/easpa ní snámhach le haghaidh cinneadh cineáil coir, Cur amach FADanna, teacht i dtreo FADanna -*
- *C4 : 105° Tonnáiste brailéireachta, Sainaitheantas Speiceas, Comhdhéanamh méideanna na speiceas -*
- *C5 : 180° An líon luasbhád a úsáidtear sa chor, Cur amach FADanna, cinniúint*

foghabhálacha, ábhair aiscurtha -



B

- C6- C8 :105° Sainaitheantas na n-umar atá luchtaithe, Sainaitheantas Speiceas, Comhdhéanamh méideanna na speiceas -
- C4: 105° Cur amach FADanna, seiceáil FADanna -

C:

- C1 :180° Láithreach/easpa ní snámhach le haghaidh cinneadh cineáil coir, Cur amach FADanna -
- C2 :105° Sainaitheantas speiceas, Cinniúint foghabhálacha, Ábhair aiscurtha, Comhdhéanamh méideanna na speiceas, An líon luasbhád a úsáidtear san fharraige -
- C3 :105° Cur amach FADanna, Tonnáiste brailéireachta, Comhdhéanamh méideanna na speiceas, Cinniúint foghabhálacha, Ábhair aiscurtha -
- C4 : 105° Cur amach FADanna, seiceáil FADanna -

FÍOR 1. Cumraíocht ceamaraí agus gníomhaíochtaí iascaireachta atá le taifeadadh ar an bpríomhdheic (A) agus ar an deic umair (B) de na soithí peas-saighne tuinnín d’Aicme 6, agus ar an soitheach d’Aicme 2 (C).



Eochair Eolais:

- A:

- 1 : Tús an choir, Críoch an choir, An líon duán a úsáideadh de réir coir agus de réir ciseáin -
- 2 : Tús an tarlaithe, Críoch an tarlaithe, An líon duán a úsáideadh de réir coir agus de réir ciseáin, Áireamh na gabhála agus suíomh an duáin, Sainaitheantas speiceas gabhála agus foghabhála agus cinniúint na foghabhála -
- 3 : Sainaitheantas speiceas gabhála agus foghabhála, cinniúint na speiceas foghabhála -
- 4 : Sainaitheantas speiceas gabhála agus foghabhála agus cinniúint na foghabhála,

próiseáil gabhála -

- B:
 - o Ceamara suite ar an deic phróiseála chun speicis a shainaithint -
 - o Ceamara suite lasmuigh den ráille, suite ar an mbumaile chun an taobh amuigh den soitheach a thaispeáint -
 - o Príomhlíne -
 - o Roll -
 - o Doras iasc -
 - o Deic -
 - o Bolg oighir -
 - o Ráille -

FÍOR 2. Cumraíocht ceamaraí sealadacha agus gníomhaíochtaí iascaireachta atá le taifeadh ar bord soithigh spiléireachta mhóir (A), agus (B) ar chumraíocht ceamara FL ar shoitheach spiléireachta beag Havái. Tógadh an grianghraf ar bun ó Carnes *et al.* (2019).

Iarscríbhinn VII

Ceanglais íosta sonraí le haghaidh an chineáil soithigh

- Réimsí sonraí íosta le haghaidh gníomhaíochtaí peas-saighne atá le bailiú agus le cur isteach, a thugtar i dTábla 1.
- Réimsí sonraí íosta le haghaidh gníomhaíochtaí spiléireachta atá le bailiú agus le cur isteach, a thugtar i dTábla 2.

Tábla 1. Réimsí sonraí atá le bailiú, ar a laghad, le haghaidh an iascaigh peas-saighne.

FAISNÉIS FAOIN TURAS	
Calafort imeachta	Ainm agus tír an chalafoirt, dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).
Calafóirt teachta	Ainm agus tír an chalafoirt, dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).
GNÍOMHAÍOCHT SOITHIGH	
Suíomh agus luas	Gach 2 shoicind (bunaithe ar chumas roinnt trealamh FL), ach nach lú ná 60 nóiméad.
FAISNÉIS FAOIN gCOR	
	An cineál coir.
Tús an choir	Dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).
Fáinní aníos	Dáta/am.
Críoch an choir	Dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).
Luas na gaoithe	Taifeadta ar scála Beaufort.
Mífheidhmithe	Dáta/am, tuairisc ar aon mhór-mhífheidhmiú a stopann nó a chuireann moill ar an ainliú cortha.
GABHÁIL AGUS AISCHUR	
	Spriocspeiceas
	Speicis nach spriocspeicis

		iad
Sainaitheantas speiceas	Iomlán na ngabhálacha agus an ábhair mhuirí aischurtha, a mhéid is féidir de réir na teicneolaíochta FL. Féadfar comhghabháil a thuirisciú i gcás nach féidir speicis a shainaithint.	Siorcanna, siorcanna den fhine <i>Lamnidae</i> , míolsiorcanna, roic den fhine <i>Mobulidae</i> , mairliní, ronnaigh den fhine <i>Scombridae</i> , carangaidigh, éisc thruicir, turtair mhara, éin mhara, agus mamaigh mhuirí, i gcás ina sainaitheofar gach aonán ar an taifeach tacsanomaíoch is ísle is féidir (i.e. speiceas), a mhéid is féidir de réir na teicneolaíochta FL. I gcásanna nach féidir speicis a shainaithint, féadfar an t-ainmhí a shainaithint ar thaifeach tacsanomaíoch níos leithne (e.g., géineas, fine).
Méid	Úsáidfeadh catagóirí meáchain aon uair is féidir (e.g.: beagmhéid 2,5 kg. - 15 kg).	Nuair is féidir, déanfar aonán a thomhas go dtí an cm is gaire mar a leanas: siorcanna ar fhad iomlán, mairliní ar fhad go gabhal an eireabail iarfhithisigh, éisc ar fhad go gabhal an eireabail, roic ar leithead diosca, turtair ar fhad carapáis chuartha. I gcásanna nach féidir tomhas aonair a dhéanamh, féadfar an t-ainmhí a aicmiú de réir catagóir méide (i.e., beag, ar mheánmhéid, mór) de réir chleachtais bhreathnóirí IATTC.
Bail		Nuair is féidir, riocht measta an aonáin nuair a ghabhtar é, nuair a thugtar ar deic é agus nuair a scaoiltear é.
Clib		Nuair is féidir, faisnéis faoi aisghabháil na gclibeanna arna taifeadadh.
Cinniúint	Gabháil a choinnítear agus a aischuirtear, de réir speicis, ina tonnaí méadracha.	Nuair is féidir, cinniúint an aonáin a thugtar ar deic (e.g., coinnithe, aischurtha, etc.)
NITHE SNÁMHACHA/FADANNA		
Cur Amach	Dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).	
Aisghabhálacha	Dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).	

Cuairteanna	Nuair is féidir — Dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla)
Sainitheantas baoi	Nuair is féidir — cód alfa-uimhriúil na satailíte baoi ceangailte

Tábla 2. Réimsí sonraí atá le bailiú, ar a laghad, le haghaidh an iascaigh spiléir.

FAISNÉIS FAOIN TURAS	
Calafort imeachta	Ainm agus tír an chalafoirt, dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).
Calafort teachta	Ainm agus tír an chalafoirt, dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).
GNÍOMHAÍOCHT SOITHIGH	
Suíomh agus luas	Dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).
Críoch an choir	Dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).
Tús an tarlaithe	Dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).
Críoch an tarlaithe	Dáta/am, suíomh (domhanleithead agus domhanfhad, ina chéimeanna deachúla).
Treo an tarlaithe	Tús go deireadh; deireadh go tús
Ar úsáideadh baoite a bhfuil dath gorm air?	Úsáideadh/níor úsáideadh, a mhéid is féidir de réir na teicneolaíochta FL.
Ciseáin nó snámháin	An líon iomlán a úsáideadh sa chor.
Duáin	An líon iomlán a úsáideadh sa chor.
Ar úsáideadh tarraic sreinge ar aon líne thitimeáin?	Úsáideadh/níor úsáideadh, a mhéid is féidir de réir na teicneolaíochta FL.
Doruithe siorca	Líon na línte titimeáin a ritheann go díreach amach ó na snámháin spiléireachta nó ó na doruithe doimhne, a mhéid is féidir de réir na teicneolaíochta FL.
GABHÁIL AGUS AISCHUR SPRIOSPEICEAS AGUS SPEICEAS NACH SPRIOSPEICIS IAD	
Sainitheantas speicis.	Sainithint speicis gach aonáin a ghabhtar, i gcás ina sainithneofar gach aonán ar an taifeach tacsanomaíoch is ísle is

	féidir (i.e. speiceas), a mhéid is féidir de réir na teicneolaíochta FL.
Méid	Méid gach aonáin a ghabhtar, agus úsáid á baint as an gcur chuige tomhais a moladh agus an cód tomhais iomchuí (caighdeánach, gabhlach, iarfhithiseach, leithead an diosca, etc.) don speiceas, a mhéid is féidir de réir na teicneolaíochta FL.
Bail	Nuair is féidir, riocht measta an aonáin nuair a ghabhtar é, nuair a thugtar ar deic é agus nuair a scaoiltear é.
Cinniúint	Cinniúint an aonáin a tugadh ar deic (e.g. coinnithe, aischurtha, etc.)
Clib	Faisnéis faoi aisghabháil na gclibeanna arna taifeadadh, a mhéid is féidir leis an teicneolaíocht FL.
Idirghníomhú gabhála	An cineál idirghníomhaithe gabhála (e.g., gafa i bhfostú, gafa le duán go himheánach, gafa le duán go seachtrach, idirghabháil leis an soitheach amháin.)

Iarscríbhinn VIII

Ábhar an Phlean FL um Fhaireachán Soithí (PFS)

Comhlíonfaidh an PFS na coinníollacha seo a leanas:

Déanfar an PFS a fhorbairt le haghaidh gach soithigh nó grúpa soithí ar a bhfuil trealamh FL le suiteáil agus déanfar é a sheachadadh chuig údaráis inniúla an CPC brataí.

Déanfar an PFS a fhorbairt i gcomhar leis an soláthraí seirbhíse FL, le húinéir an tsoithigh agus le húdaráis ábhartha iascaireachta an CPC brataí.

Is é an soláthraí FL nó údaráis iascaireachta an Bhallstáit brataí a dhéanfaidh suirbhé ar gach soitheach nó ar gach soitheach sampla le haghaidh grúpa soithí atá beartaithe le trealamh FL a shuiteáil orthu. Le linn an tsuirbhé sin, breithneofar na gnéithe seo a leanas agus an PFS á fhorbairt, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcomhlíonann an córas na ceanglais íosta maidir le bailiú sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn 2:

Suíomh agus socrúithe ceamara.

Líon na gceamaraí atá le suiteáil chun barrfheabhsú radharc an limistéir láimhseála gabhálacha a áirithiú.

Is iad na príomhlimistéir a bhfuil suirbhé le déanamh orthu na limistéir láimhseála gabhálacha chun speicis na n-aonán a shainaithint agus chun na haonáin a stóráil agus na limistéir aischiú nó scaoilte.

Áireofar an méid seo a leanas leis an bhfaisnéis íosta a bheidh in PFS:

Sonraí teagmhála: faisnéis teagmhála reatha d'úinéir an tsoithigh, d'oibreoir an tsoithigh agus den soláthraí seirbhíse FL fad a mhairfidh an Conradh.

Faisnéis ghinearálta faoin soitheach: faisnéis bhunúsach faoin soitheach agus faoina gníomhaíochtaí agus oibríochtaí iascaireachta (amhail ainm an tsoithigh, uimhir chlárúcháin, spriociascach, limistéir iascaireachta, trealamh iascaireachta, fad foriomlán).

Cineál agus cumraíocht an trealaimh iascaireachta:

Leagan amach an tsoithigh: trealamh an tsoithigh agus faisnéis mhionsonraithe, plean um chóiriú an tsoithigh agus limistéir éagsúla (amhail deic, próiseáil, stóráil - lena n-áirítear líon na n-umar) ag gabháil leis.

Socrú an trealaimh FL: tuairisc ar shocruithe an trealaimh FL, amhail am reatha, an líon ceamaraí, socruithe na gceamaraí (ráta frámaí agus taifeach), agus na limistéir a chumhdaítear, taifead ama le haghaidh gach ceann de na ceamaraí, an líon braiteoirí, i gcás inarb infheidhme, bogearraí a úsáideadh, cóiriú bosca rialaithe, etc.

Nósanna imeachta um láimhseáil gabhálacha: tuairisc ar an gcríú agus ar a n-oibríochtaí.

Radharc samplach ó gach radharc ceamara riachtanach.

Déanfar aon athrú fisiceach ar an soitheach, aon mhodhnú ar chatagóiriú an tsoithigh (deighilt cabhlaigh), nó aon choigeartú ar dheic láimhseála na gabhála, lena n-áirítear na coigeartuithe sin a fhágann nach mbaineann an soitheach lena grúpa bunaidh a thuilleadh, a thuairisciú d'údarás an CPC brataí. Ina dhiaidh sin, déanfar an PFS a nuashonrú dá réir sula gcuirfear tús leis an gcéad turas iascaireachta eile.

Déanfaidh úinéir an tsoithigh an PFS a shíniú agus déanfaidh údarás inniúil an CPC brataí nó a institiúidí ainmnithe é a fhorpheas.

Ní chuirfidh an trealamh FL cobhsaíocht soithí i mbaol, rud a d'fhéadfadh a bheith ina riosca d'oibríochtaí soithigh, do shábháilteacht an chriú, nó don chomhshaol. Ina theannta sin, ní chuirfidh sé bac ar loingseoireacht shábháilte an tsoithigh.

Tugtar teimpléad samplach de PFS thíos. **Plean FL um Fhaireachán Soithí - Cuid A**

Soláthróidh úinéir an tsoithigh é d'údarás inniúil an CPC brataí nó dá institiúidí ainmnithe

1. Faisnéis arna soláthar ag úinéir an tsoithigh

Clárú seachtrach:		Príomhiascach/príomhiascaigh:	
Ainm an tsoithigh:		An cineál/na cineálacha trealaimh:	
Uimhir chlár soithí IATTC:		An méid criú:	
IRCS:		Is féidir breathnóir a iompar:	
Bunáit chalafoirt:		Ionadaí an úinéara/na n-úinéirí:	
Fad an tsoithigh (m):		Uimhir theileafóin:	
An cineál soithigh:		Seoladh Ríomhphoist:	
Fad an lín (feánna):		Fad na príomhlíne (feánna):	
Doimhneacht an lín (stíallacha):		An cineál duáin:	
Toilleadh braille (mt):		Ábhar na líne titimeáin:	

Tuairisc ar láimhseáil éisc an chriú agus aon sonraí úsáideacha eile

(1) Má tá ceann ar fáil, cóip nó íomhá de phlean eagraithe ginearálta an tsoithigh

--

(2) Leagan amach agus láimhseáil ghinearálta (ní gá go mbeidís de réir scála)

--

(3) Barúlacha ginearálta

Cuid B

Freagracht údarás inniúil an CPC brataí agus atá le bailíochtú ag údarás inniúil an CPC brataí

- (4) Íomhá an tsoithigh
- (5) Cumraíocht an trealaimh FL
- (6) Oibríocht an Chórais — Tuairisc Ghinearálta

Taifeadadh braiteoirí, i gcás inarb infheidhme:	Tuairisc ar na socrúithe:
Fístaifeadadh:	Tuairisc ar na socrúithe:

- (7) Suíomh Chomhpháirteanna an Chórais

Bosca rialaithe:	Comhéadan Úsáideora:
<i>Íomhá de shuíomh an bhosca rialaithe</i>	
GPS nó gléas comhionann:	Sonraí GPS:
<i>Íomhá de shuíomh an GPS nó an ghléis chomhionann</i>	
Braiteoir Rothlaithe Druma:	Sonraí an Bhraiteora Rothlaithe Druma:

<i>Íomhá de shuíomh an bhraiteora druma</i>	
Braiteoir Brú Hiodrálaigh:	Sonraí an Bhraiteora Brú Hiodrálaigh:
<i>Íomhá de shuíomh an Bhraiteora Brú Hiodrálaigh</i>	
Braiteoir XX:	Mionsonraí Bhraiteoir XX:
<i>Íomhá de shuíomh Bhraiteoir XX</i>	
Braiteoir XX:	Mionsonraí Bhraiteoir XX:
<i>Íomhá de shuíomh Bhraiteoir XX</i>	
Braiteoir XX:	Mionsonraí Bhraiteoir XX:
<i>Íomhá de shuíomh Bhraiteoir XX</i>	

Braiteoir XX:	Mionsonraí Bhraiteoir XX:
<i>Íomhá de shuíomh Bhraiteoir XX</i>	

Ceamara 1 - Ceamara Deice	
<i>Íomhá de Shuíomh Cheamara 1</i>	Radharc agus Cuspóirí:
<i>Íomhá de Suíomh an cheamara deice</i>	Socruithe an cheamara:
Ceamara 2 - Ceamara Radhairc Ghinearálta/Ceamara Coinneála	
<i>Íomhá de Shuíomh Cheamara 2</i>	Radharc agus Cuspóirí:
<i>Íomhá den Cheamara Radhairc Ghinearálta/Ceamara Coinneála</i>	Socruithe an cheamara:
Ceamara 3 - Ceamara an Chreasa Sórtála	
<i>Íomhá de Shuíomh Cheamara 3</i>	Radharc agus Cuspóirí:
<i>Íomhá de Cheamara an Chreasa Sórtála</i>	Socruithe an cheamara:
Ceamara 4 - Ceamara Aischiúir	
<i>Íomhá de Shuíomh Cheamara 4</i>	Radharc agus Cuspóirí:
<i>Íomhá den Cheamara Aischiúir</i>	Socruithe an cheamara:

Ceamara XX - Ceamara XX	
<i>Íomhá de Shuíomh Cheamara XX</i>	Radharc agus Cuspóirí:

<i>Íomhá de Cheamara XX</i>	Socruithe an cheamara:
Ceamara XX - Ceamara XX	
<i>Íomhá de Shuíomh Cheamara XX</i>	Radharc agus Cuspóirí:
<i>Íomhá de Cheamara XX</i>	Socruithe an cheamara:
Ceamara XX - Ceamara XX	
<i>Íomhá de Shuíomh Cheamara XX</i>	Radharc agus Cuspóirí:
<i>Íomhá de Cheamara XX</i>	Socruithe an cheamara:
Ceamara XX - Ceamara XX	
<i>Íomhá de Shuíomh Cheamara XX</i>	Radharc agus Cuspóirí:
<i>Íomhá de Cheamara XX</i>	Socruithe an cheamara:

Achoimre ar Shocrú an Bhosca Rialaithe:	Achoimre ar Shocrú an Cheamara:
<i>Príomhscáileán cumraíochta</i>	
Sonraí Tomhais an Limistéir Sórtála:	

Cuid C

(Le líonadh isteach ag an soláthróir seirbhíse FL)

(8) Treoir Úsáideora FL

- (9) Tuairisc ar conas gairis chuimhne a aisghabháil
- (10) Tuairisc ar conas an córas a chumhachtú
- (11) Tuairisc ar conas tástáil feidhme a dhéanamh
- (12) Prótacail láimhseála a bhaineann le soitheach sonracha

Tuairisc ar aon phrótacal speisialta a bhféadfadh feidhm a bheith aige maidir leis an soitheach dá dtagraítear sa PFS.

- (13) Tuairisc ar phointí rialaithe agus léaráidí díobh agus nósanna imeachta sonracha a rinneadh. I gcás gach tuairisce limistéir, ní mór prótacal a bheith ann maidir le conas a áirithiú go bhfanann an ghabháil i radharc an cheamara.

Cuid D

(Le líonadh isteach ag an soláthróir seirbhíse FL)

Liosta de shonraí teagmhála soláthraithe seirbhíse CFL:

Ainm agus Sloinne	Uimhir theileafóin	Seoladh Ríomhphoist	Seoladh oifige

Cuid E

(Le líonadh isteach ag úinéir an tsoithigh agus ag an soláthróir seirbhíse FL)

Deimhneofar sa chuid seo go bhfuil úinéir an tsoithigh/oibreoirí an tsoithigh oilte ar fheidhm agus oibríocht an CFL atá suiteáilte ar an soitheach agus go dtuigeann siad an fheidhm agus an oibríocht sin, agus go gcomhaontaíonn an t-oibreoir an PFS a chomhlíonadh.

<u>Úinéir/Oibreoir Soithigh</u>	<u>Soláthraí seirbhíse FL</u>
Ainm iomlán:	Ainm iomlán:
Síniú:	Síniú:
Dáta agus am:	Dáta agus am:

Iarscríbhinn IX

Caighdeáin lóistíochta agus anailíse sonraí agus tuairiscithe

Aistriú sonraí

- Ceadóidh údarás Bhallstát brataí an tsoithigh aisghabháil agus tarchur slán Taifead FL ag deireadh gach turais.
- Déanfaidh úinéirí an tsoithigh agus údarás an tsoithigh araon prótacal mionsonraithe a bhunú agus a chomhaontú sa PFS maidir le conas na sonraí a aisghabháil ón soitheach chuig na húdaráis nó chuig an ionad athbhreithnithe FL.
- Nuair a tharchuirfear taifid PFS (trí WI-FI, líonra sonraí móibíleacha nó satailít, nó seachadadh diosca chrua), déanfar na sonraí a tharchur ag deireadh an turais iascaireachta i gcás inar féidir. Mura féidir é sin a dhéanamh, déanfar na sonraí a stóráil agus a tharchur go slán gan mhoill/a luaithe is féidir.
- Gan beann ar an modh aistrithe sonraí a úsáidtear le haghaidh taifid FL, áiríteofar leis an tarchur go bhfuil an fhaisnéis criptithe i gceart. Chomh maith leis sin, fanfaidh gaireas stórála criptithe ina bhfuil an fhaisnéis chéanna maidir le taifid FL ar bord mar chúltaca. Ní scriosfar taifid ó ghairis chúltaca an tsoithigh go dtí go mbeidh na taifid FL tiontaithe ina sonraí FL ag an ionad athbhreithnithe FL.

Athbhreithniú sonraí

- Is leis an gclár lena ndearnadh faireachán ar an turas sin a ghinfeadh sonraí FL. Ar choinníoll go gcloítear le prótacail agus nósanna imeachta caighdeánacha, féadfaidh údaráis na mBallstát rogha a dhéanamh an obair a thabhairt le déanamh ar conradh trí sholáthraí seirbhíse athbhreithnithe FL tráchtála, trí chonraitheoir údaraithe, nó í a dhéanamh iad féin.
- Beidh gairis chúltaca ar leithligh san áireamh sa trealamh FL, chun a áirithiú nach gcaillfeadh sonraí má theipeann ar ghaireas amháin.

Stóráil agus coinneáil sonraí FL

- Déileálfadh IATTC leis an bhfaisnéis uile maidir le hoibríochtaí iascaireachta an tsoithigh mar fhaisnéis rúnda agus beidh sí faoi réir rialacha rúndachta IATTC.
- Na nósanna imeachta maidir le cá háit, conas agus cá fhad a stórálfar na taifid FL tar éis anailís FL, sonrúidh an Ballstát brataí iad. Spriocanna an chláir FL agus na baill foirne a mbeidh orthu rochtain a fháil ar thaifid faireacháin, cé chomh minic a dhéanfar sin, agus cad chuige, is orthu sin a bheidh cinntí stórála bunaithe.

Caighdeáin anailíse sonraí agus tuairiscithe

Oiliúint

- Déanfaidh na Ballstáit cúrsaí oiliúna a dheardh agus a eagrú le haghaidh anailísithe FL, le hionchur ó fhoireann IATTC, ó sholáthraithe seirbhíse FL agus ó shaineolaithe eile, i gcás inar gá.
- Ní dhéanfaidh ach anailísithe FL cáilithe anailísí FL, ar anailísithe iad a bhfuil méid éigin taithí acu ar ghníomhaíochtaí iascaireachta go hidéalach, agus scileanna acu maidir le conas na bogearraí anailíse tiomnaithe a úsáid agus na sonraí atá le bailiú faoin gclár a bhreathnú agus a thairfeadh go cruinn. Ní bheidh anailísithe FL ina

bhfostaithe ag cuideachta soithigh iascaireachta atá páirteach san iascach breathnaithe ná ní bheidh coinbhleachtaí leasa díreacha eile acu.

Uathoibriú

- Nuair is indéanta, beidh giniúint sonraí FL uathoibríoch agus éasca le húsáid chun anailís FL a bhrostú agus faisnéis a áireamh go díreach i sonraí nó i dtuarascálacha FL.
- I dtaifid FL a bheidh faoi réir anailís FL, beidh, ar a laghad, ainm an tsoithigh agus sainaitheantas an tsoithigh agus sainaitheantas an turais, uimhir an cheamara, sonraí geoshuímh (dáta, am (AUL), domhanleithead agus domhanfhad), sonraí braiteora i gcás inarb infheidhme, stádas taifeadta ceamara agus stádas an chórais trealaimh FL, i gcás ina mbeidh fáil orthu, agus íomhána.

Cáilíocht sonraí

- Beidh bogearraí tiomnaithe i gceist leis an anailís FL, lenar féidir anailís a dhéanamh ar na sonraí stóráilte, na híomhána agus na sonraí braiteora uile i gcás inarb infheidhme, ar bhealach sioncrónaithe. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áiritheofar le nósanna imeachta um anailís sonraí inrianaitheacht sonraí agus anailís éifeachtach orthu agus gnáthaimh chun earráidí a d'fhéadfadh a bheith ann a léiriú, agus uirlisí tomhais digiteacha.
- Leis na bogearraí anailíse FL, beifear in ann na ceanglais íosta éigeantacha maidir le réimsí sonraí a bhunaítear i dTáblaí 1 agus 2 de chuid 3 d'Iarscríbhinn 11 (Limistéir gníomhaíochtaí iascaireachta atá faoi chumhdach CFL agus ceanglais íosta sonraí maidir leis an gcineál soithigh) a thuairisciú. Féadfar tuairisciú na réimsí sonraí deonacha a cheadú leo freisin.

Fachtóirí coinbhéartachta

- Maidir le fachtóirí coinbhéartachta caighdeánaithe den ghaol idir fad agus meáchan agus den ghaol idir meáchan-agus uimhreacha a bhaineann go sonrach le speiceas ar leith, bunaithe ar thorthaí taighde piarmheasúnaithe agus/nó ar shonraí eimpíreacha, déanfaidh Rúnaíocht IATTC iad a fhorbairt, formhuineoidh CCE iad agus glacfaidh an Coimisiún iad, agustabharfar cothrom le dáta iad de réir mar is gá.

Formáid

- Úsáidfear na formáidí caighdeánacha is infheidhme maidir le tuarascálacha arna gcur isteach ag breathnóirí daonna chun réimsí sonraí FL a ghiniúint (e.g. dátaí mar LLMMBB, domhanleithead agus domhanfhad ina n-aonaid dheachúla, luasanna ina muirmhílte, meáchain ina kg, faid ina gceintiméadair) agus chun comhaid sonraí FL a eascraíonn astu a chruthú (e.g., csv, accdb, xlsx).

Nós imeachta tuairiscithe

- Cuirfear sonraí FL isteach trí thairseach néalbhunaithe thiomnaithe a fhéadfaidh Rúnaíocht IATTC a fhorbairt, nó trí mhodhanna iomchuí eile. Beidh an tairseach chomh so-úsáidte agus chomh huathoibríthe agus is féidir, agus áireofar inti nósanna imeachta um rialú cáilíochta (e.g., seiceáil formáide, léiriú earráide), chomh maith le meabhrúcháin uathoibríocha chun sonraí FL a chur isteach go tráthúil.'

IARSCRÍBHINN IV

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2022/2343

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2343 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn 2:

‘IARSCRÍBHINN 2

Treoirínte maidir le pleananna bainistíochta um shruthfheistí comhthiomsaithe éisc (DFADanna) a ullmhú

Áireofar na nithe seo a leanas sa phlean bainistíochta um DFADanna (PB-DFADanna) atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit ag a bhfuil cabhlaigh a bhíonn ag iascaireacht i réimse inniúlachta IOTC, a bhaineann le DFADanna:

- (1) Cuspóir
- (2) Raon feidhme

Tuairisc ar a chur i bhfeidhm maidir leis an méid seo a leanas:

- cineálacha soithí agus soithí tacaíochta agus tairisceana
 - uimhreacha na DFADanna agus uimhreacha rabhcáin na DFADanna atá le cur amach
 - nósanna imeachta tuairiscithe maidir le DFADanna a chur amach
 - beartas um fhoghabhálacha de thaisme a laghdú agus a úsáid
 - idirghníomhaíocht le cineálacha eile trealaimh a chur san áireamh
 - pleananna um fhaireachán ar DFADanna cailte agus a n-aisghabháil
 - ráiteas nó beartas maidir le ‘húinéireacht DFADanna’
- (3) Socruithe institiúideacha chun Pleananna Bainistíochta um DFADanna a bhainistiú:
- freagrachtaí institiúideacha
 - próisis iarratais maidir le DFADanna agus/nó rabhcáin DFADanna a fhormheas lena gcur amach
 - oibleagáidí úinéirí agus máistrí soithí i leith DFADanna agus/nó rabhcáin DFADanna a chur amach agus a úsáid
 - beartas athsholáthair DFADanna agus/nó rabhcáin DFADanna
 - oibleagáidí tuairiscithe
- (4) Sonraíochtaí agus ceanglais maidir le tógáil DFADanna:
- tréithe dearaidh DFADanna (tuairisc)
 - marcálacha agus aitheantóirí DFADanna, lena n-áirítear rabhcáin DFADanna
 - ceanglais soilsithe
 - frithchaiteoirí radair
 - fad infheicthe
 - baoithe raidió (ceanglas maidir le sraithuimhreacha)

- trasghlacadóirí satailíte (ceanglas maidir le sraithuimhreacha)
 - sonóirí (déanamh agus sonraíochtaí teicniúla)
- (5) Limistéir is infheidhme:
- Mionsonraí maidir le limistéir nó tréimhsí coiscthe, e.g. uiscí teorann, lánaí loingseoireachta, gaireacht d'iascaigh ar mionscála, etc.
- (6) Tréimhse is infheidhme maidir leis an bplean bainistíochta um DFADanna.
- (7) Modhanna chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean bainistíochta um DFADanna.
- (8) Teimpléad logleabhair DFADanna (sonraí atá le bailiú arna sonrú in Iarscríbhinn 3).

Treoirilínte maidir le pleananna bainistíochta i ndáil le feistí comhthiomsaithe éisc ar ancaire (AFADanna) a ullmhú

Áireofar na nithe seo a leanas sna pleananna bainistíochta um AFADanna (PB-AFADanna) atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit ag a bhfuil cabhlaigh a bhíonn ag iascaireacht i réimse inniúlachta IOTC, a bhaineann le AFADanna:

- (9) Cuspóir
- (10) Raon feidhme:
- Tuairisc ar a chur i bhfeidhm maidir leis an méid seo a leanas:
- (1) Cineálacha soithí
 - (2) uimhreacha AFADanna agus/nó uimhreacha rabhchán AFADanna le cur amach (in aghaidh an chineáil AFAD)
 - (3) nósanna imeachta tuairiscithe agus/nó taifeadta maidir le cur amach AFADanna
 - (4) pleananna um faireachán ar AFADanna cailte agus a n-aisghabháil
 - (5) ráiteas nó beartas maidir le 'húinéireacht AFADanna'
 - (6) Socruithe institiúideacha chun Pleananna Bainistíochta um AFADanna a bhainistiú:
 - (7) freagrachtaí institiúideacha
 - (8) rialacháin is infheidhme maidir le AFADanna a chor agus a úsáid
 - (9) Deisiúcháin, rialacha cothabhála agus beartas athsholáthair AFADanna ar muir
 - (10) córas bailithe sonraí
 - (11) oibleagáidí tuairiscithe
 - (12) Sonraíochtaí agus ceanglais maidir le tógáil AFADanna:
 - (13) tréithe dearaidh AFADanna (tuairisc)
 - (14) marcálacha agus aitheantóirí AFADanna, lena n-áirítear rabhcháin AFADanna, más ann dóibh
 - (15) ceanglais soilsithe, más ann dóibh
 - (16) frithchaiteoirí radair, más ann dóibh

- (17) baoithe raidió, más ann dóibh (ceanglas maidir le sraithuimhreacha)
- (18) trasghlacadóirí satailíte, más ann dóibh (ceanglas maidir le sraithuimhreacha)
- (19) sondálaí fuaimne, más ann dó
- (20) Limistéir is infheidhme: sonraí maidir le limistéar coiscithe ar bith e.g. lánáí loingseoireachta, Limistéir Mhuirí faoi Chosaint, tearmainn etc.
- (21) Modhanna chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an PB-DFADanna.
- (22) Modheolaíochtaí maidir le sonraí a thairiscíú agus a thuairisciú mar a shonraítear in Iarscríbhinn 3.

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn 3:

‘IARSCRÍBHINN 3

Bailiú sonraí le haghaidh sruthfheistí comhthiomsaithe éisc (DFADanna) agus a mbaoithe gléasta

- (1) I gcás gach gníomhaíochta ar DFAD, ar ní snámhach agus/nó ar bhaoi gléasta, bíodh cor ina dhiaidh nó ná bíodh, tuairisceoidh gach soitheach soláthair iascaireachta an fhaisnéis seo a leanas:

Catagóir	Eilimint	Cineál eiliminte sonraí	Éigeantach	Nótaí
Soitheach	Sainaitheantas IOTC an tsoithigh	Aitheantóir an tsoithigh	T	
	Cineál	Iontráil foclóra	T	Is féidir an tatal sin a bhaint as
Dáta	Bliain	Slánuimhir	T	
	Mí	Slánuimhir	T	
	Lá	Slánuimhir	T	
Suíomh an ní snámhaigh agus/nó an bhaoi gléasta tráth na hoibríochta	Domhanfhad	Deachúil	T	
	Domhanleithead	Deachúil	T	
Suíomh an tsoithigh murab ionann é agus suíomh an ní snámhach nó an bhoi	Domhanfhad	Deachúil	T	
	Domhanleithead	Deachúil	T	
Ní snámhach	Aitheantóir	Aitheantóir	T (nuair is ann dó)	I gcás cuairt ar DFAD, soláthrófar é sin a mhéid is féidir, i.e. gan an DFAD a

				thógáil amach as an uisce
	Cineál	Iontráil foclóra	T	Mar a shainítear i mír 3 den iarscríbhinn seo
	Catagóir inbhithdhíghrádai theachta (más DFAD é an ní snámhach)	Iontráil foclóra	T	Mar atá sainithe in iarscríbhinn 3b.
	Cineál gníomhaíochta	Iontráil foclóra	T	Mar a shainítear i mír 4 den iarscríbhinn seo
An chuid os cionn na líne uisce	An bhfuil plaisteach inti?	Boole	Tá (má tá sé le feiceáil go soiléir)	
	An bhfuil miotal inti?	Boole		
	Fad	Deachúil		Ina cm
	Leithead	Deachúil		Ina cm
	Airde	Deachúil		Ina cm
	An bhfuil mogall inti?	Boole		
	Mogallmhéid	Deachúil		Ina mm
An chuid faoi uisce	An bhfuil plaisteach inti?	Boole	Tá (má tá sé le feiceáil go soiléir)	
	An bhfuil miotal inti?	Boole		
	Fad	Deachúil		Ina cm
	Leithead	Deachúil		Ina cm
	Airde	Deachúil		Ina cm
	An bhfuil mogall inti?	Boole		
	Mogallmhéid	Deachúil		Ina mm
Baoi	Aitheantóir	Aitheantóir	T (má tá baoi inti)	
	Suíomh atá ar eolas	Boole		
	Cineál gníomhaíochta	Iontráil foclóra		Mar a shainítear i mír 5 den iarscríbhinn seo I gcás díghníomhachtú baoithe, an chúis le díghníomhachtú (DFAD arna aisghabháil ón bhfarraige, arna thréigean nó arna chailleadh) agus suíomh an tsoithigh.

- (2) Má dhéantar cor tar éis na cuairte, déanfar torthaí an choir i dtéarmaí gabhála agus foghabhála, cibé acu a dhéantar iad a choinneáil nó a aiscur marbh nó beo, a thaifeadh de réir an tábla thíos. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí sin arna gcomhiomlánú in aghaidh an tsoithigh ar 1 chéim domhanleithid in aghaidh 1 chéim dhomhanfhaid (i gcás inarb infheidhme) a thuairisciú don Choimisiún.

Catagóir	Eilimint	Cineál eiliminte sonraí	Eigeantach	Nótaí
Soitheach	Sainitheantas IOTC an tsoithigh	Aitheantóir an tsoithigh	T	
	Cineál	Iontráil foclóra	T	Is féidir an tatal sin a bhaint as
Dáta	Bliain	Slánuimhir	T	
	Mí	Slánuimhir	T	
Suíomh	Greille 1x1	Aitheantóir eangai CWP	T	
Ní snámhach	Cineál	Iontráil foclóra	T	Mar a shainítear i mír 3 den iarscríbhinn seo
	Cineál gníomhaíochta	Iontráil foclóra	T	Mar a shainítear i mír 4 den iarscríbhinn seo
Iarracht	An líon gníomhaíochtaí	Slánuimhir	T	
	An líon cor	Slánuimhir		Is féidir léi a bheith nialasach (0)
	Sonraí a bailíodh?	Boole		
Gabhála uimhir 1	Cód speicis	Aitheantóir ASFIS	T (gníomh aíocht agus cor ina dhiaidh sin)	Speiceas aonair
	Cinniúint	Iontráil foclóra		Coinnithe / aiscurtha
	Gabhálacha / ábhar muirí aiscurtha	Deachúil		Méid
	Aonad	Iontráil foclóra		meáchan nó líon
...
Gabhála uimhir N	Cód speicis	Aitheantóir ASFIS	T (gníomh aíocht agus cor ina dhiaidh sin)	Speiceas aonair
	Cinniúint	Iontráil foclóra		Coinnithe / aiscurtha
	Gabhálacha / ábhar muirí aiscurtha	Deachúil		Méid
	Aonad	Iontráil foclóra		meáchan nó líon

- (3) Aicmiú Nithe Snámhacha:

Cód	Tuairisc as Gaeilge
ANLOG	Lomán nádúrtha nó smionagar snámhach de bhunadh ainmhíoch
DFAD	FAD le sruth
AFAD	FAD ar ancaire

FALOG	Lomán saorga nó smionagar snámhach de thoradh ghníomhaíocht an duine (agus a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta)
HALOG	Lomán saorga nó smionagar snámhach de thoradh ghníomhaíocht an duine (nach mbaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta)
VNLOG	Lomán nádúrtha de bhunadh plandaí

(4) Aicmiú gníomhaíochtaí lena mbaineann ní snámhach:

Cód	Gníomhaíocht	Tuairisc
DE	Cur amach	DFAD a chur amach ar muir
CO	Comhdhlúthú	DFAD a chur amach ar ní snámhach (e.g. chun buacacht a fheabhsú)
VF	Cuairt le hiascaireacht	Cuairt ní shnámhaigh a bhfuil cor mar thoradh uirthi
VI	Cuairt gan iascaireacht	Cuairt ní shnámhaigh gan iascaireacht
LO	Caillteanas	Deireadh neamhdheonach le húsáid an ní shnámhaigh (deireadh le tarchur an bhaoi)
AB	Tréigean	Deireadh d'aon ghnó a chur le húsáid an ní shnámhaigh mar gheall ar chás <i>force majeure</i> toisc féidir dul chomh fada leis an ní snámhach (baoi atá fós i láthair agus in ann tarchur a dhéanamh)
ST	Sáinniú	Is é is cúis leis an tréigean go bhfuil an ní snámhach sáinnithe i ngnáthóga muirí éadoimhne agus nach bhfuil sé ag imeacht le sruth a thuilleadh
RE	Aisghabháil	An ní snámhach a aisghabháil

(5) Aicmiú gníomhaíochtaí lena mbaineann baoithe gléasta

Cód	Gníomhaíocht	Tuairisc
DE	Cur amach	Baoi a chur amach (clibeáil) ar ní snámhach atá ag imeacht le sruth muir cheana féin gan bhaoi nó DFAD atá feistithe le baoi a chur amach
LO	Caillteanas	Deireadh neamhdheonach le húsáid an bhaoi (baoi a cailleadh nó deireadh neamhdheonach le tarchur an bhaoi)
AB	Tréigean	Deireadh deonach le húsáid an bhaoi (baoi atá fós in ann tarchur)
RE	Aisghabháil	Aisghabháil an bhaoi ar ní snámhach atá ag imeacht le sruth ar muir
TR	Aistriú	Baoi de chuid an tsoithigh a chur in ionad an bhaoi atá faoi úinéireacht soithigh eile

(6) Aicmiú thoradh na DFADanna a chuirtear amach:

Cuireadh amach an DFAD + gníomhachtaíodh an baoi	
Tá an baoi gníomhach	
Tá an baoi ag tarchur agus is féidir é a aimsiú	Níl an baoi ag tarchur agus ní

	Is féidir an DFAD a aisghabháil		Ní féidir an DFAD a aisghabháil		féidir é a aimsiú	
	Is féidir an DFAD a aisghabháil		Ní féidir an DFAD a aisghabháil		Ní féidir an DFAD a aimsiú, mar sin ní féidir é a aisghabháil	
An chúis leis an mbaoi a dhígníómhachtú	Tógadh an DFAD agus an baoi ón bhfarraige	Cinneann úinéir an bhaoi gan an DFAD a aisghabháil	Ní féidir teacht air (e.g. i limistéar eacnamaíoch eisiach tíre eile)	Goideadh an baoi ach tá sé ag tarchur	Goideadh an DFAD	Tá an baoi briste/saincheist theicniúil/baoi báite
Stádas deiridh an DFAD	FAD a aisghabháil	DFAD a caitheadh amach	DFAD a tréigeadh	DFAD a cailleadh		

Bailiú sonraí le haghaidh feistí comhthiomsaithe éisc ar ancaire (AFADanna)

- (7) Aon ghníomhaíocht iascaireachta timpeall AFAD lena n-áirítear gabháil agus foghabháil, bíodh sí coinnithe nó aiscurtha marbh nó beo.
- (8) Maidir le gach gníomhaíocht timpeall AFAD (lena n-áirítear deisiú, idirghabháil, comhdhlúthú, etc.), cibé acu a leanann cor iascaireachta nó aon ghníomhaíocht eile í nó nach leanann,
- (9) Suíomh (mar shuíomh geografach an teagmhais (Domhanleithead agus Domhanfhad) ina chéimeanna agus a nóiméid)
- (10) Dáta (LL/MM/BBBB, lá/mí/bliain)
- (11) Aitheantóir AFAD (i.e. uimhir aitheantais náisiúnta AFAD, sainaitheantas rabhcháin nó aon fhaisnéis lena n-áirítear an t-úinéir a shainaitheint).


3. Cuirtear Iarscríbhinn 3a isteach **mar a leanas:**

Iarscríbhinn 3a

Dearadh agus tógáil FADanna le sruth

Samplaí le haghaidh dearadh agus cur amach DFADanna


- (1) Ní chumhdófar struchtúr dromchla an DFAD, nó ní chumhdófar é ach le hábhar nach bhfuil mogall ann. Ní úsáidfeadh aon scáthéadach ná aon ábhar fostúcháin eile amháil líontán chun an rafta a dhéanamh. Ní bheidh struchtúr fodhromchla DFADanna níos faide ná 50 méadar.
- (2) Má úsáidtear comhpháirt fodhromchla, ní as líontán ach as ábhair nach bhfuil mogall iontu, amháil rópaí nó leatháin chanbháis, a bheidh sé déanta.



Eochair Eolais:

- *Baoi uirlise*
- *Rafta Dromchla*
- *Fráma in-bhithdhíghrádaithe*
- *Snámhán*
- *Príomhrópa in-bhithdhíghrádaithe*
- *Tarraingeoirí in-bhithdhíghrádaithe nach bhfuil mogall iontu*
- *Meáchan*
- *Rafta fodhromchla*
- *GPS agus baoi sondála fuaime*
- *Cumhdach in-bhithdhíghrádaithe nach bhfuil mogall ann*
- *Ciúb*
- *Snámháin*
- *Rópa in-bhithdhíghrádaithe*
- *FAD glóthach*
- *Snámhán dromchla*
- *Canbhás in-bhithdhíghrádaithe nach bhfuil mogall ann*
- *Snámhán faoi uisce*
- *Tarraingeoirí fodhromchla*
- *Struchtúr faoi uisce*
- *Struchtúr Ingearach*

– *Struchtúr fodhromchla*



Eochair Eolais:

- *Clúdach in-bhithdhíghrádaithe neamhfhostúcháin*
- *Rafta bambú*
- *Rópa*
- *Bambú*
- *Tarraingeoirí éadaigh*
- *Meáchain*

4. Cuirtear Iarscríbhinn 3b isteach mar a leanas:

‘Iarscríbhinn 3b

DFADanna a rangú de réir a leibhéil in-bhithdhíghrádaitheachta

Chun críocha an Rialacháin seo, sainithnítear na catagóirí DFADanna seo a leanas, ar bhonn a leibhéil in-bhithdhíghrádaitheachta (ó neamh-bhithdhíghrádaithe go 100 % in-bhithdhíghrádaithe), ar an tuiscint nach bhfuil feidhm ag na sainmhínte ar leith maidir leis na baoithe leictreonacha atá ceangailte de DFADanna chun iad a rianú:

Catagóir I. Tá an DFAD déanta as ábhair atá go iomlán in-bhithdhíghrádaithe.

Catagóir II. Tá an DFAD déanta as ábhair atá go iomlán in-bhithdhíghrádaithe seachas comhpháirteanna snámhachta (e.g. baoithe, cúr, coirc pheas-saighne).

Catagóir III. Tá an chuid fodhromchla den DFAD déanta as ábhair atá go hiomlán in-bhithdhíghrádaithe, ach tá ábhair neamh-bhithdhíghrádaithe sa chuid dromchla agus in aon chomhpháirt snámhachta (e.g., raifia sintéiseach, fráma miotalach, snámháin phlaisteacha, rópaí níolóin).

Catagóir IV. Tá ábhair neamh-bhithdhíghrádaithe sa chuid fodhromchla den DFAD, ach tá an chuid dromchla déanta as ábhair atá go iomlán in-bhithdhíghrádaithe, seachas comhpháirteanna snámhachta, b’fhéidir.

Catagóir V. Tá ábhar neamh-bhithdhíghrádaithe sna codanna dromchla agus fodhromchla den DFAD.’

5. In Iarscríbhinn 4, cuirtear an líne seo a leanas sa tábla:

‘Maolú	Tuairisc	Sonraíocht
Gairis cosanta duán	Úsáidfear gairis cosanta duán, arna liostú ag na Páirtithe sa Chomhaontú maidir le Caomhnú Albatras agus Guairdeall mar Chomhairle Dea-Chleachtais, lena gcuirtear cás ar phointe agus frídín duán baoiteáilte chun foghabháil éanlaithe mara a chosc le linn an choir.	Gairis cosanta duán a chomhlíonann na saintréithe feidhmiúcháin seo a leanas. Maidir le gairis, ní mór: <ul style="list-style-type: none"> • cás a chur ar phointe agus frídín an duáin go dtí go sroichfidh sé doimhneacht 10 m ar a laghad nó go dtí go mbeidh sé tumtha ar feadh 10 nóiméad ar a laghad; • comhlíonfaidh siad na caighdeáin íosta atá ann faoi láthair maidir le hualú líne titimeáin, mar a leanas: beidh níos mó ná 45 g ar an iomlán ceangailte taobh istigh de 1 m ón duán; nó beidh níos mó ná 60 g ar an iomlán ceangailte taobh istigh de 3,5 m ón duán; nó beidh níos mó ná 98 g ar an iomlán ceangailte taobh istigh de 4 m ón duán. • beidh siad deartha lena gcoinneáil ar an trealamh iascaireachta seachas iad a chailleadh.

6. Cuirtear isteach Iarscríbhinn 11:

‘Iarscríbhinn 11

Caighdeáin faireacháin leictreonaigh le haghaidh iascaigh IOTC

CUID 1: CAIGHDEÁIN CHLÁIR FAIREACHÁIN LEICTREONAIGH IOTC

Eolas ginearálta

Cláir náisiúnta/réigiúnacha um bailiú sonraí lena n-úsáidtear Córais Faireacháin Leictreonaigh (CFL) a bhfuil sé deimhnithe ag údarás inniúil an Bhallstáit brataí go gcomhlíonann siad caighdeáin íosta an Chláir um Fhaireachán Leictreonach arna ghlacadh ag IOTC, féadfar iad a áireamh i gClár Réigiúnach IOTC um Fhaireachán Leictreonach.

Cuspóirí

Is é is cuspóir do Chlár Réigiúnach IOTC um Fhaireachán Leictreonach sonraí gabhála fíoraithe agus sonraí eolaíoch a bhaineann leis na hiascaigh le haghaidh tuinníní agus speicis atá cosúil le tuinníní i limistéar inniúlachta IOTC a bhailiú, trí CFL, agus cumhdach breathnóra/athbhreithnithe FL a bhaint amach chun ceanglais Rún IOTC maidir le Scéim Breathnóirí Réigiúnacha (SBR) a chomhlíonadh.

Cuspóir:

Is é is cuspóir do Chlár Réigiúnach IOTC um Fhaireachán Leictreonach cead a thabhairt do na

Ballstáit CFL a úsáid chun sonraí a bhailiú chun cuidiú leis an Aontas ceanglais Rún IOTC maidir le Scéim Breathnóirí Réigiúnacha a chomhlíonadh, mar shampla i gcásanna ina bhfuil cumhdach breathnóirí ar bord íseal nó nach ann dó.

Tá sé d'aidhm ag Clár Réigiúnach IOTC um Fhaireachán Leictreonach feabhas a chur ar chainníocht agus ar cháilíocht na sonraí iascaigh agus ar an bhfaireachán a dhéantar ar iascaigh IOTC agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i mbailiú agus i bhfiorú sonraí iascaigh. D'fhéadfadh an Clár Réigiúnach um Fhaireachán Leictreonach cabhrú leis na Ballstáit ceanglais oibleagáidí eile a chomhlíonadh amach anseo freisin.

Raon feidhme:

Le Clár Réigiúnach IOTC um Fhaireachán Leictreonach, cuirtear creat ar fáil chun CFL a fhorbairt sna hiascaigh seo a leanas de chuid IOTC:

- Soithí peas-saighne ar mó ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán agus ar lú ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán agus iad ag iascaireacht lasmuigh dá limistéir eacnamaíocha eisiacha,
- Báid spiléireachta ar mó ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán agus ar lú ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán agus iad ag iascaireacht lasmuigh dá limistéir eacnamaíocha eisiacha,
- Soithí eangaí geolbhaigh ar mó ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán agus ar lú ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán agus iad ag iascaireacht lasmuigh dá limistéir eacnamaíocha eisiacha,
- Soithí cleithe agus dorú ar mó ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán agus ar lú ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán agus iad ag iascaireacht lasmuigh dá limistéir eacnamaíocha eisiacha,
- Cineálacha trealaimh eile atá níos lú ná 24 mhéadar ar fhad foriomlán (agus iad ag iascaireacht ar an mórmhuir).

Áiritheofar le Clár Réigiúnach IOTC um Fhaireachán Leictreonach nó le haon Chlár Náisiúnta um Fhaireachán Leictreonach, faoi Chlár Réigiúnach IOTC um Fhaireachán Leictreonach, go ndéanfar na sonraí a bhailítear trí CFL a dhoiciméadú agus go mbaileoidh CFL na ceanglais íosta sonraí uile maidir le SBR (e.g. 'Tuairisciú Éigeantach'), arna gcomhlánú más gá le haon chlár faireacháin breise (e.g., sampláil chalafóirt, sampláil bhitheolaíoch, etc.).

Sainmhínte:

Teicneolaíochtaí Leictreonacha: aon uirlis leictreonach a úsáidtear chun tacú le bailiú sonraí a bhraitheann ar an iascach, arna dhéanamh ar an gcladach agus ar muir araon, lena n-áirítear tuairisciú leictreonach (TL) agus faireachán leictreonach (FL).

Tuairisciú Leictreonach (TL): úsáid córas leictreonach (feidhmchlár, bogearraí, foirm nó comhad) chun sonraí iascaigh a thairgeadh, a stóráil, a fháil agus a tharchur.

Faireachán: an ceanglas maidir le sonraí a bhaineann le hiascach a bhailiú go leanúnach.

Faireachán Leictreonach (FL): úsáid gaireas leictreonach chun gníomhaíochtaí soithí iascaireachta a thairgeadh trí úsáid a bhaint as fisteicneolaíocht atá nasctha le Córas Suite Domhanda (GPS), a bhféadfadh braiteoirí a bheith san áireamh ann.

Clár FL: próiseas arna riar ag riarachán náisiúnta nó réigiúnach lena rialáitear úsáid CFL ar shoithí

chun sonraí agus faisnéis iascaigh a bhailiú agus a fhíorú trí CFL a chur chun feidhme i limistéar sainithe agus/nó in iascach sainithe.

Caighdeáin Cláir FL: na caighdeáin, sonraíochtaí agus nósanna imeachta comhaontaithe lena rialaítear bunús agus oibriú Cláir FL, a bheidh infheidhme maidir le comhpháirteanna uile an CFL.

Caighdeáin sonraí FL: an fo-thacar comhaontaithe de cheanglais sonraí ag Scéim Breathnóirí Réigiúnacha (SBR) IOTC a d'fhéadfadh an CFL a bhailiú.

Taifid FL: Íomhánna, agus braiteoirí b'fhéidir, nó sonraí loma atá nasctha le sonraí suímh arna mbailiú ag trealamh FL ar féidir iad a athbhreithniú chun sonraí FL a tháirgeadh.

Sonraí FL: sonraí próiseáilte/anailísithe a tháirgtear trí athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid FL atá i gcomhréir leis na caighdeáin sonraí FL.

Trealamh FL: líonra ceamaraí leictreonacha, braiteoirí agus gaireas stórála sonraí atá suiteáilte ar shoitheach agus a úsáidtear chun gníomhaíochtaí an tsoithigh a thairgeadh.

Plean um Fhaireachán Soithí (PFS): Saintréithe threalamh FL an tsoithigh agus an chaoi a ndéantar trealamh FL an tsoithigh a shuiteáil agus a chumrú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus chun Caighdeáin an Chláir FL agus Caighdeáin Sonraí FL a chomhlíonadh mar a cheanglaítear le Clár um Fhaireachán Leictreonach Réigiúnach IOTC.

Athbhreithniú FL: athbhreithniú arna dhéanamh ag breathnóirí FI/athbhreithneoirí FL ar thaifid FL chun sonraí FL a tháirgeadh.

Breathnóir/athbhreithneoir FL: duine atá cáilithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid FL agus chun sonraí FL a stóráil agus a tháirgeadh i gcomhréir le caighdeáin sonraí FL agus nós imeachta um anailís ar sonraí FL.

Córas athbhreithnithe FL: feidhmchlár bogearraí a úsáideann an breathnóir FL chun athbhreithniú a dhéanamh ar na thaifid FL agus chun na sonraí próiseáilte FL a tháirgeadh de réir caighdeáin sonraí FL.

Ionad athbhreithnithe FL: saoráid oifige áitiúil, náisiúnta nó réigiúnach ina bhfaightear taifid FL agus ina ndéantar athbhreithniú orthu chun sonraí FL a tháirgeadh agus a stóráil.

Soláthraí athbhreithnithe FL: soláthraí tríú páirtí seirbhísí athbhreithnithe FL chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid FL chun sonraí FL a tháirgeadh. Is féidir leis an eagraíocht tríú páirtí chéanna an trealamh FL agus na seirbhísí athbhreithnithe FL araon a sholáthar ach is féidir le soláthraithe éagsúla iad a sholáthar freisin.

Cumhdach suiteála FL: cion na soithí de réir cabhlaigh ina bhfuil trealamh FL suiteáilte atá oibríochtúil.

Cumhdach taifead FL: cion na hiarrachta iascaireachta a mbailítear taifid FL ina leith le trealamh FL suiteáilte.

Cumhdach breathnóra/athbhreithnithe FL: cion na hiarrachta iascaireachta a ndéantar athbhreithniú ar thaifid FL ina leith chun sonraí FL a tháirgeadh agus a chuirtear faoi bhráid IOTC.

Soláthraí seirbhíse FL: soláthraí tríú páirtí trealaimh (agus/nó córais) FL, seirbhísí teicniúla agus lóistíochta chun an trealamh FL a chothabháil agus chun faireachán a dhéanamh ar a fheidhmiú cuí.

Córais FL (CFL)

Déanfaidh comhlacht iomchuí de chuid IOTC (e.g., Meitheal *Ad hoc* IOTC maidir le Caighdeáin an Chláir um Fhaireachán Leictreonach a Fhorbairt, Meitheal IOTC um Bailiú Sonraí agus Staidreamh) nó na Ballstáit an CFL a fhormheas agus a chreidiúnú chun a áirithiú go gcomhlíonfar caighdeáin íosta an Chláir Réigiúnaigh um Fhaireachán Leictreonach (agus SBR), lena n-áirítear suiteáil trealaimh FL (trí Phlean FL um Fhaireachán Soithí), bailiú sonraí atá comhsheasmhach le caighdeáin íosta sonraí maidir le SBR, taifid FL arna n-athbhreithniú ag cuideachtaí/eagraíochtaí creidiúnaithe agus go

gcoinnítear neamhspleáchas an CFL. I gcás ina bhformheasfaidh IOTC an CFL, cuirfidh an Ballstát cóipeanna de PBS gach soithigh faoi bhráid an Choimisiúin agus cuirfidh an Coimisiún forléargas ar leibhéal an chabhlaigh ar PBSanna an Aontais faoi bhráid an Choiste Eolaíoch, mar iarscríbhinn a ghabhann le Tuarascálacha an Aontais don Choiste Eolaíoch.

Sonraí:

Tá sonraí FL arna gcur isteach le Cláir Réigiúnacha nó Náisiúnta um Fhaireachán Leictreonach faoi réir Rún 12/02 *Maidir le beartas agus nósanna imeachta rúndachta sonraí* a bhaineann leis na ceanglais maidir le sonraí a chomhroinnt san fhearann poiblí (e.g. an leibhéal srathaithe atá le cur i bhfeidhm chun cosc a chur ar ghníomhaíocht ó shoitheach aonair a bheith sainaitheanta go soiléir ó na sonraí foilsithe) agus na nósanna imeachta um chosaint taifead.

Maidir le sonraí FL a bhailítear trí FL, soláthrófar iad i gcomhréir leis na ceanglais arna mbunú ag IOTC i Rún 15/01 *Maidir le taifeadadh sonraí gabhála agus iarrachta ag soithí iascaireachta i réimse inniúlachta IOTC*, Rún 15/02 *Maidir le ceanglais éigeantacha tuairiscithe staidrimh le haghaidh Pháirtithe Conarthacha IOTC agus le haghaidh Páirtithe Comhoibritheacha Neamhchonarthacha* agus Rún Breathnóirí IOTC maidir le Scéim Breathnóirí Réigiúnacha.

Cuirfear sonraí FL faoi bhráid IOTC i gcomhréir leis na sonraíochtaí i bhformáid sonraí leictreonacha arna soláthar ag Rúnaíocht IOTC agus arna nglacadh ag IOTC, chun sonraí a ionchorprú i mbunachar sonraí Scéim Breathnóirí Réigiúnacha IOTC. Déanfar sonraí FL a léiriú go cuí sa bhunachar sonraí lena n-idirdhealú ó shonraí arna mbailiú trí bhreathnóirí daonna ar bord.

Clár Réigiúnach IOTC um Fhaireachán Leictreonach a oibríochtú — Creidiúnú agus Iniúchadh Clár Náisiúnta um Fhaireachán Leictreonach

Iarrfaidh na Ballstáit ar an gCoimisiún iarratas a chur faoi bhráid Rúnaíocht IOTC go n-aithneofar a Chlár Náisiúnta FL féin mar chuid de Chlár Réigiúnach IOTC um Fhaireachán Leictreonach chun caighdeáin íosta sonraí maidir le SBR a chomhlíonadh.

Déanfaidh IOTC iniúchadh ar Chláir Náisiúnta FL de réir caighdeáin íosta FL.

Déanfar Cláir Náisiúnta FL a athbhreithniú agus beidh siad faoi réir iniúchtaí rialta tréimhsiúla mar a chomhaontaigh IOTC.

D'fhéadfadh IOTC Cláir Náisiúnta FL atá formheasta ag ERBInna tuinníní eile a údarú.

CUID 2: Caighdeáin maidir le córas faireacháin leictreonaigh agus sonraí faireacháin leictreonaigh IOTC

1. CAIGHDEÁIN ÍOSTA THEICNIÚLA FL

Tabharfar tuairisc sna Caighdeáin Íosta Theicniúla ar na ceanglais FL. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach trealamh FL atá suiteáilte ina gcláir náisiúnta nó foréigiúnacha comhsheasmhach leis na sonraíochtaí teicniúla seo.

Saincheapadh go leibhéal an tsoithigh: níl aon chumraíocht chaighdeánach ann a chlúdóidh gach soitheach ó chabhlaigh atá ag oibriú i réigiún an Aigéin Indiaigh, agus dá bhrí sin ní mór gach suiteáil trealamh FL a shaincheapadh ar leibhéal an tsoithigh. Cuimseofar i dtrealamh FL atá le suiteáil ar bord soithigh iascaireachta córas rialúcháin lena nasctar roinnt ceamaraí, agus, go roghnach, lena nasctar le roinnt braiteoirí éagsúla, chun íomhánna a bhailiú agus a thaifeadadh chun aghaidh a

thabhairt ar chuspóir an Chláir FL. Déanfar líon na gceamaraí agus na mbraiteoirí a chur in oiriúint do gach soitheach trí Phlean um Fhaireachán Soithí chun cuspóirí foriomlána an chláir a bhaint amach seachas a bheith ró-shainteorach agus áireofar líon leordhóthanach ceamaraí ann. Cé go mbraithfidh sé ar chumraíocht gach soithigh ar leith, mar shocrú ginearálta gabhfar le ceamara na limistéir agus na gníomhaíochtaí a thugtar i dTáblaí 1 agus 2 agus i bhFíor 1 go Fíor 3 de Chuid 3 den Iarscríbhinn seo 11⁵. Forbróidh gach soitheach ‘Plean um Fhaireachán Soithí’ ina sonrú líon na gceamaraí agus an áit a bhfuil siad lonnaithe, agus a socruithe, chun íreimsí sonraí ‘éigeantacha’ íosta maidir le SBR is gá a bhailiú. Féadfar bailiú cuid de na scaighdeáin íosta sonraí maidir le SBR is gá a chomhlánú le sampláil calafoirt agus/nó le modhanna bailithe sonraí eile mar a thuairiscítear i Réimse Bailithe Sonraí Scéim Breathnóirí Réigiúnacha IOTC⁶. Laistigh de chlár FL ar leith, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le leibhéal áirithe comhchuibhithe idir soithí freisin (suíomh agus socruithe ceamaraí).

Gairis bhraiteora/uathoibríocha a chur san áireamh: ós rud é go n-éilíonn taifid FL mórachmhinneachtaí stórála, ní bhíonn gníomhaíochtaí soithí á dtaifeadadh ar bhonn lánaimseartha ag formhór na CFLanna. Féadfar taifeadadh roinnt ceamaraí a spreagadh trí úsáid trealaimh nó gníomhaíocht iascaireachta a bhrath. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh braiteoirí, agus nósanna imeachta eile (Amharc Ríomhaireachtúil, an Intleacht Shaorga), a bheith san áireamh in CFL, chun a bhrath nuair a tharlaíonn iascaireacht nó gníomhaíochtaí eile ar ábhar suime iad ar bord. Áiritheofar leis sin go bhfaighfear taifead ceart FL (e.g. fistaifeadadh a spreagfar nuair a chuirfear tús leis an oibríocht iascaireachta) agus éascófar athbhreithniú ar thaifead FL.

Córas Suite Domhanda (GPS) a chur san áireamh: tá gá leis sin chun faireachán a dhéanamh ar shuíomh, bealach agus luas an tsoithigh agus chun faisnéis a sholáthar maidir le dáta/am agus suíomh na ngníomhaíochtaí iascaireachta. Déanfar suíomh an tsoithigh iascaireachta agus stampaí dáta/ama a ionchorprú go díreach ar íomhánna nó i meiteashonraí na n-íomhánna.

Comhoiriúnacht: go hidéalach, ba cheart an CFL a bheith in ann comhtháthú a dhéanamh le huirlisí eile Faireacháin, Rialaithe agus Faireachais (FRF) (e.g. Córas Faireacháin Soithí).

Córas Láidir: beidh comhpháirteanna trealaimh FL atá suiteáilte lasmuigh (amhail ceamaraí/cásáil ceamaraí agus braiteoirí) in ann dálaí garbha ar muir agus timpeallacht chrua ar bord na soithí a sheasamh.

Córas Slán: ní mór comhpháirteanna agus sonraí an trealaimh FL, is trealamh é sin a thabharfaidh fianaise ar chrioscáil nó is trealamh frithchrioscaíola a bheidh ann, agus sonraí criptithe á n-úsáid go hidéalach, ionas nach féidir iarrachtaí ar mhodhnuithe neamhúdraithe a dhéanamh.

Ceamaraí: moltar ceamaraí digiteacha ardaifigh, nuair is féidir, lena gcumhdaítear gach réimse spéise ar an soitheach de réir an tsoithigh agus na n-oibríochtaí iascaireachta. Ní mór a áiritiú le suíomh, socruithe agus taifeadadh ceamaraí go mbraithfear gníomhaíochtaí soithigh agus speicis ghabhála agus foghabhála, agus go mbeifear in ann speicis a shainnaint go cruinn (i gcás gach speicis faoi shainordú IOTC ar a laghad). Beidh an córas in ann gníomhaíochtaí a thaifeadadh i ndálaí ina bhfuil solas nádúrtha íseal agus an-gheal (codarsnachtaí ísle agus arda). Ní mór na ceamaraí a bheith uiscédhíonach agus i mbosca féinchiúimsitheach atá in ann an aimsir a sheasamh.

⁵ Ba cheart glacadh le hIarscríbhinn 3 mar threoir ginearálta ós rud é gur samplaí iad de shuiteálacha CFL atá ann cheana. Ba cheart an chumraíocht FL (an líon ceamaraí, an suíomh agus na cuspóirí faireacháin maidir le gach ceann acu) a chur in oiriúint ansin do gach iascach/soitheach trí Phlean um Fhaireachán Soithí.

⁶ D’fhéadfadh cumais FL maidir le réimsí ceanglais íosta sonraí maidir le SBR a bhailiú (<https://iotc.org/documents/ROS/DataStandards>) a bheith éagsúil ó fhliú go flít má bhíonn an láimhseáil gabhála agus na hainlithe cortha/tarlaithe difriúil i measc flíteanna. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis na luachanna sin mar threoir ginearálta agus ba cheart iad a bheith faoi réir athbhreithniú leanúnach.

Taifid FL: beidh an fhaisnéis seo a leanas sna taifid FL: ainm comhaid taifid FL lena n-áirítear, ar a laghad, ainm an tsoithigh agus sainaitheantas an tsoithigh, sainaitheantas an cheamara, aitheantas an turais, sonraí geoshuímh (dáta, am (AUL), domhanleithead agus domhanfhad), stádas taifeadta an cheamara, stádas sláinte FL (nuair a bhíonn sé ar fáil), íomhánna, agus sonraí braiteora nuair a úsáidtear iad.

Neamhspleáchas: ní mór an córas a bheith féinrialaitheach cé is moite de chothabháil íosta ag an gcriú (e.g. braiteoirí agus ceamaraí a ghlanadh). Féadfaidh fíorú cianda ar a fheidhmiúlacht a bheith san áireamh sa chóras i bhfíor-am chun an fhaisnéis uile a bhailiú. Áiritheoidh duine ainmnithe go bhfuil an córas ag oibriú i gceart sula bhfágfar an calafort agus nuair a bheifear ar muir, agus beidh prótacal (seicliosta) ann chun na críche sin.

Gan aon trasnaíocht: ní ghinfidh trealamh FL trasnaíocht radaimhinicíochta ná ní bheidh sé ina chúis le trasnaíocht radaimhinicíochta le gairis eile cumarsáide, loingseoireachta, sábháilteachta nó geoshuímh (e.g. VMS) ná le trealamh iascaireachta ar bord soithigh.

Uathriail: beidh a sholáthar cumhachta dohriste féin ag an trealamh FL nó beidh sé nasctha le soláthar cumhachta dohriste an tsoithigh chun a áirithiú gur féidir leis oibriú fiú i gcás ina mbeidh gearradh cumhachta ar an soitheach. Beidh gairis chúltaca dhúblacha ar leithligh san áireamh sa trealamh FL, chun a áirithiú nach gcaillfear sonraí má theipeann ar ghaires stórála.

Uathriail stórála sonraí FL: beidh toilleadh stórála leordhóthanach sa trealamh FL chun gach taifead FL a stóráil ar feadh tréimhse áirithe ama, is é sin ar feadh turas iomlán ar a laghad. Beidh an fad ag brath ar shaintréithe oibríochtúla an tsoithigh agus d'fhéadfadh sé a bheith idir 4 mhí (i gcás soithí peas-saighne) agus 12 mhí nó níos faide (i gcás soithí spiléireachta).

Idir-inoibritheacht: go hidéalach, ginfidh CFL taifid FL atá idir-inoibritheach idir soláthraithe éagsúla seirbhíse agus athbhreithnithe FL agus, i gcás inar féidir, comhtháthóidh sé le huirlisí eile bailithe sonraí agus faireacháin.

Cothabháil: ainmneofar duine ainmnithe ar bord (agus/nó ar talamh) chun an trealamh a chothabháil (e.g., lionsaí a ghlanadh, etc.) agus chun tuairisciú don soláthraí trealaimh FL agus don údarás inniúil (e.g., IOTC nó stát brataí) nuair a bhíonn mífheidhm ag an gcóras sa chalafort nó ar muir ionas go ndeiseofar an córas a luaithe is féidir, agus déanfaidh sé taifead d'aon chliseadh ar an trealamh FL i bhfoirm thiomnaithe.

2. CAIGHDEÁIN ÍOSTA LÓISTÍOCHTÚLA FL

Aisghabháil taifead FL: déanfar taifid FL a tharchur trí líonraí móibíleacha, Wi-Fi, nó sataillít, nó trí mhalartú gairis stórála (i.e., SSD nó HDD). Maidir le malartú gairis stórála, cuirfear prótacal chun feidhme freisin chun na gairis stórála a aisghabháil agus a sheoladh chuig an ionad athbhreithnithe FL ainmnithe.

Stóráil taifead FL: stórálfaidh an soitheach/an chuideachta/an soláthraí seirbhíse FL/an soláthraí athbhreithnithe FL/an riarthóir cláir FL taifid FL ar feadh bliain amháin ar a laghad nó ar feadh na tréimhse a leagtar síos sna cláir náisiúnta/réigiúnacha FL.

Cúltaca taifead FL: má tharchuirtear taifid FL go huathoibríoch agus go leictreonach, cuirfear nósanna imeachta oibríochtúla chun feidhme chun iad a fháil agus chun cóip chúltaca a dhéanamh agus cuirfear aon socrú riachtanach maidir leis an líne chúraim san áireamh.

Líne chúraim gaireas stórála: ní mór inrianaitheacht gach gairis stórála agus gach taifid FL a áirithiú leis an CFL. Áiritheofar líne chúraim ghairis stórála an CFL.

Minicíocht: áireofar i gcláir FL ceanglais maidir le modh agus minicíocht (e.g. tar éis gach turais) tarchur taifead FL chuig ionaid athbhreithnithe FL, a bheidh comhsheasmhach leis na caighdeáin íosta arna mbunú ag an mBallstát, ag an Aontas nó ag IOTC.

3. CAIGHDEÁIN ÍOSTA ATHBHREITHNITHE SONRAÍ FL

Bogearraí athbhreithnithe FL: áireofar le CFL bogearraí chun an t-athbhreithniú ar thaifid FL a éascú agus chun sonraí FL a tháirgeadh lena gceadófar tiomsú agus tuairisciú i bhformáid aschuir choiteann de chuid IOTC lena malartú/lena gcur faoi bhráid IOTC. Go hidéalach, is féidir bogearraí athbhreithnithe FL a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid FL a bhailítear ó sholáthraithe éagsúla trealaimh FL.

Athbhreithniú FL agus tuairisciú sonraí FL: institiúidí, eagraíochtaí agus cuideachtaí neamhspleácha a bhfuil saineolas agus taithí chruthaithe acu (e.g. taithí oibre le breathnóirí ar bord) a dhéanfaidh athbhreithniú ar thaifid FL agus tuairisciú ar shonraí FL. Is féidir na cúraimí sin a lárú in ‘ionad athbhreithnithe FL réigiúnach’ agus clár réigiúnach á chur chun feidhme agus/nó is féidir le heagraíochtaí náisiúnta nó neamhspleácha iad a dhéanamh.

Taifid FL agus seiceáil cáilíochta sonraí FL: áireofar sa phróiseas athbhreithnithe ar thaifid FL rialuithe cáilíochta trí sheiceáil cáilíochta a dhéanamh ar thaifid FL, trí sheiceálacha ar iontrálacha sonraí FL, trí earráidí a d’fhéadfadh a bheith i sonraí FL a shainnithint go huathoibríoch (e.g. suíomhanna míchearta coir iascaireachta ar talamh, etc.), trí chuntais a fháil ó bhreathnóirí FL. Déanfar na sonraí FL a tháirgfear a sheiceáil sula dtuairisceofar iad do Rúnaíocht IOTC.

Sonraí FL: le CFL, beifear in ann Réimsí Sonraí Caighdeán Íosta maidir le SBR, ar a laghad, a bhailiú agus a thuairisciú. Cuirfear sonraí FL faoi bhráid Rúnaíocht IOTC agus úsáid á baint as foirmeacha caighdeánacha IOTC de réir na tréimhse ama a shonraítear i Rún 22/04, nó aon Rún a chuirfear ina ionad. Beidh feidhm ag na ceanglais rúndachta sonraí a leagtar amach i Rún 12/02, Beartas agus Nósanna Imeachta Rúndachta Sonraí, nó aon Rún a chuirfear ina ionad, maidir leis na sonraí uile FL arna gcur faoi bhráid Rúnaíocht IOTC.

Oiliúint breathnóirí FL: ní mór cáilíochtaí sonracha a bheith ag breathnóirí FL a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar thaifid FL a dhéanfar a chomhtháthú i gcaighdeáin réigiúnacha nó náisiúnta an chláir FL. Glacfaidh breathnóir FL páirt i gcúrsaí oiliúna speisialaithe a thabharfar cothrom le dáta nuair a mhodhnófar an prótacal athbhreithnithe FL chun caighdeáin ardcháilíochta sonraí FL a áirithiú.

Cáilíocht breathnóirí FL: ní mór do bhreathnóirí FL a bheith in ann athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid FL agus sonraí FL a tháirgeadh de réir cheanglais IOTC. Beidh cur amach ag breathnóirí FL ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus beidh siad in ann na nithe seo a leanas a shainnithint: (i) speicis IOTC agus speicis ar díol spéise ar leith iad, (ii) modhanna iascaireachta IOTC, agus (iii) modhanna maolaithe IOTC.

Comhoiriúnacht le sreabhadh sonraí agus bunachair sonraí caighdeánaithe leanúnach: beidh formáid chomhoiriúnach aschuir ag sonraí FL (lena n-áirítear úsáid liostaí cóid caighdeánaithe seanbhunaithe) chun faisnéis a bhailítear a mhalartú le formáid agus caighdeáin reatha tuairiscithe

sonraí IOTC, agus beidh siad comhoiriúnach le rialacha sonraí IOTC. Cuirfear sonraí FL faoi bhráid Rúnaíocht IOTC i bhformáid tuairiscithe sonraí leictreonacha fhormheasta, agus úsáid á baint as cóid chaighdeánacha agus aonaid chaighdeánacha IOTC.

Stóráil agus coinneáil sonraí: forbróidh agus comhaontóidh IOTC forálacha dlíthiúla maidir le cosaint sonraí, stóráil agus coinneáil sonraí cibé acu Clár Réigiúnach um Fhaireachán Leictreonach nó Clár Náisiúnta FL atá i gceist.

Úinéireacht taifead FL: is le húinéir an tsoithigh/leis an stát brataí úinéireacht taifead FL ach cuirfidh sé aschuir sonraí FL ar fáil do IOTC lena n-ionchorprú i mbunachar sonraí IOTC lena n-úsáid, lena n-anailísiú agus lena ndiúscairt mar a cheanglaítear leis an Rún ó bhreathnóirí IOTC maidir le Scéim Breathnóirí Réigiúnacha.

Úinéireacht crua-earraí/bogearraí: gan beann ar raon feidhme an chláir FL, moltar go mbíonn úinéireacht (agus cothabháil) ceadúnas crua-earraí agus bogearraí faoi úinéir an tsoithigh/stát brataí.

CUID 3: PLEANANNA UM FHAIREACHÁIN SOITHÍ (PFS)

Forbróidh gach soitheach ‘Plean um Fhaireachán Soithí’ chun tuairisc a thabhairt ar líon na gceamaraí atá suite chun na réimsí sonraí, an suíomh agus na socruithe íosta maidir le SBR is gá a bhailiú, agus na príomhréimsí a bhfuil faireachán le déanamh orthu maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta, láimhseáil gabhála, sainaithint speiceas, cinniúint agus stóráil na n-aonán. Déanfar an PFS a fhorbairt i gcomhar leis an soláthraí seirbhíse FL, úinéir an tsoithigh agus na húdaráis iascaireachta.

Síneoidh úinéir an tsoithigh PFSanna agus formheasfaidh údarás inniúil an Bhallstáit brataí iad ar deireadh, agus ina dhiaidh sin cuirfear faoi bhráid WGEMS/WPDCS iad chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad Caighdeáin Cláir agus Córais FL agus Sonraí FL de chuid Chlár Réigiúnach IOTC um Fhaireachán Leictreonach.

Áireofar sa PFS faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

- Sonraí teagmhála: faisnéis teagmhála úinéir an tsoithigh, oibreoir an tsoithigh agus soláthraí seirbhíse FL fad a mhairfidh an Conradh.
- Faisnéis ghinearálta faoin soitheach: faisnéis bhunúsach faoin soitheach agus faoina gníomhaíochtaí agus oibríochtaí iascaireachta (e.g., ainm an tsoithigh, uimhir chlárúcháin, spriocspeicis, limistéir, trealamh iascaireachta, fad foriomlán...).
- Leagan amach an tsoithigh: trealamh an tsoithigh agus faisnéis mhionsonraithe ag gabháil leis, plean maidir le cóiriú an tsoithigh agus limistéir éagsúla (deiceanna, limistéar próiseála, stóráil, etc.).
- Cumraíocht an trealaimh FL: tuairisc ar shocruithe an trealaimh FL, amhail am reatha, líon na gceamaraí agus na limistéar a chumhdaítear, am taifeadta le haghaidh gach ceann de na ceamaraí, líon agus suíomh na mbraiteoirí (más ann dóibh), na bogearraí a úsáidtear, suíomh an bhosca rialaithe, nósanna imeachta um fheidhmiú ceart an trealaimh FL atá suiteáilte ar bord a sheiceáil, etc.
- Cuirfear grianghraf de gach ceamara isteach sa PFS.

- Taifead ar gach soitheach ar shaintréithe threalamh FL an tsoithigh agus ar an gcaoi a ndéantar trealamh FL an tsoithigh a bharrfheabhsú chun Caighdeáin Córais FL agus Sonraí FL a chomhlíonadh.

Ar shoithí peas-saighne, moltar na limistéir íosta seo a leanas a chumhdach le ceamaraí:



- an deic iascaireachta (an clébhord agus an deasbhord araon),
- an sac lín agus an brailéir,
- an deic thosaigh nó lár loinge (e.g. gníomhaíocht FADanna),
- agus deic an umair agus an crios iompair (Murua et al., 2022; Restrepo et al., 2018): maidir leis an gcrios iompair, i níos mó ná áit amháin (e.g. ag tús agus ag deireadh an chreasa iompair ar a laghad). Más ann do chrios iompair aiscurtha, cumhdófar é freisin.
- Ní mór na gníomhaíochtaí seo a leanas a chumhdach leis na ceamaraí: cor iascaireachta, brailéireacht, tarlú lín, gníomhaíochtaí FADanna, gabháil iomlán, sórtáil umair gabhála (próiseas lena gcuirtear an ghabháil sa bholg nó sna humair), láimhseáil agus scaoileadh foghabhála, agus tuinníní aiscurtha (Fíor 1 agus Tábla 1).
- I gcás soithí móra peas-saighne, tá gá le 6 cheamara ar a laghad chun oibríochtaí iascaireachta agus láimhseála éisc a chumhdach; mar sin féin, d'fhéadfadh níos lú ceamaraí (e.g. 4 cheamara) an ghníomhaíocht a chumhdach chun na sonraí is gá maidir le soithí peas-saighne níos lú a bhailiú (e.g. acmhainneacht 300-400 tona).

Is í an chumraíocht trealamh FL is fearr cumraíocht lena féidir líon níos mó íomhánna (frámaí) de cháilíocht/taifeach níos airde a fháil. Is fearr físeán digiteach go ginearálta, ach is féidir le híomhánna socra fós a bheith ina rogha inmharthana chun faisnéis a ghabháil le linn na gcéimeanna éagsúla de gníomhaíocht an tsoithigh. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil an acmhainneacht stórála teoranta, d'fhéadfadh físeán le haghaidh limistéir/ceamaraí/amanna áirithe a bheith ar an gcumraíocht is fearr is féidir a bhaint amach agus grianghraif shocra á n-úsáid le haghaidh rudaí eile I gcás grianghraf, is é an ceanglas íosta a bheith ann go nglacfadh an ceamara pictiúr ina bhfuil uillinn féachana lena gcumhdófaí go hiomlán na limistéir bainistithe éisc gach 2 shoicind ar a laghad nuair a dhéanfar gníomhaíocht iascaireachta (Restrepo et al., 2018). Beidh cáilíocht na n-íomhánna leordhóthanach freisin chun gur féidir na réimsí sonraí uile is gá a bhailiú go cruinn, amhail sainaitheantas speiceas, ábhair agus dearadh FADanna nó an baoite a úsáidtear agus, dá bhrí sin, chun gur féidir na cuspóirí faireacháin a bhaint amach.

Déanfar aon athrú fisiceach ar shoitheach a dhéanfaidh difear don CFL a thuairisciú d'údarás inniúla an Bhallstáit brataí. Déanfaidh an t-údarás inniúil an PFS a nuashonrú agus a fhorghnó arís a luaithe is féidir.

Déanfar aon athrú ar an trealamh FL (amhail glúin nua ceamaraí a shuiteáil) a thuairisciú d'údarás inniúla an Bhallstáit brataí. Déanfaidh an t-údarás inniúil an PFS a nuashonrú agus a fhorghnó arís a luaithe is féidir.

A




B



Eochair Eolais:

- *Ceamara lánléargais: gníomhaíocht máguaird*
- *Ceamara crannóige: deic iascaireachta*
- *Ceamara ar an mbogha: gníomhaíocht na craenach, radharc páirteach ar shaighean*
- *Ceamara deasbhoird: foghabháil agus aischur*
- *Ceamara brailéireachta: brailéireacht agus peas*
- *Modh scaoilte foghabhálacha*
- *Sainnithint ábhar aischurtha*
- *Gabhálacha agus cinniúintí*
- *Fíorú dea-chleachtas*
- *Sampláil gabhála*
- *Tomhas mórspeiceas*
- *Tuairisc ar an ngabháil agus scaoileadh foghabhála as an mbrailéir*

- *Scaoileadh speiceas a gabhadh sa líon*
- *Le radharc gar ar an bpeas, is féidir bail na speiceas nár tugadh i dtír a shainithint tráth a scaoilte agus/nó a n-aischurtha*



Fíor 1. (A) Sampla de chóras FL 6 cheamara atá suiteáilte i soitheach peas-saighne lena gcumhdaítear príomhlimistéir oibríochtaí iascaireachta agus láimhseála éisc (ó Murua et al., 2020b) agus (B) ón gcóras FL 7 gceamara (4 cheamara ar an deic uachtarach agus 3 cheamara ar an deic umair) atá suiteáilte i bpeas-saighean lena gcumhdaítear príomhlimistéir oibríochtaí iascaireachta agus láimhseála iascaireachta lena n-áirítear ceamara amháin eile sa chrios iompair: (B1) Ceamara radhairc lánléargais 360° (e.g. amharc ar thaobh an chlébhoird), (B2) Ceamara crannóige ag a bhfuil radharc ar dheireadh an tsoithigh, (B3) Ceamara craenach ag a bhfuil ar an deic iascaireachta, (B4) Ceamara ag a bhfuil radharc ar an deic thosaigh, (B5) Ceamara ag a bhfuil radharc ar an gcrios iompair ag deireadh an tsoithigh, (B6) Ceamara ag a bhfuil radharc ar lár an chreasa iompair, agus (B7) Ceamara ag a bhfuil radharc ar an gcrios iompair ag an mbogha (foinse: Seirbhísí Breathnóra Digiteacha).

Tábla 1. Limistéir íosta agus gníomhaíochtaí íosta a ndéanfar faireachán orthu.

Limistéar a chumhdaítear	Gníomhaíocht a chumhdaítear	Cuspóir	Ceanglais íosta sonraí a bhfuil faireachán le déanamh orthu
Deic iascaireachta (taobh an chalafoirt)	Brailéireacht	Gabháil iomlán de réir coir, Comhdhéanamh speiceas	Líon na ngníomhaíochtaí brailéireachta & iomláine de réir gníomhaíocht bhrailéireachta. Meáchan, méid agus speiceas tuinníní coinnithe
	Tuinníní aischurtha	Iomlán na dtuinníní aischurtha de réir coir	Meáchan, méid agus speiceas tuinníní aischurtha
	Láimhseáil foghabhála	Meastachán ar fhoghabháil	líon na n-aonán, mód láimhseála Sainaitheantas speicis
Deic iascaireachta (an deasbhord)	Láimhseáil foghabhála	Meastachán ar fhoghabháil	Mód láimhseála
	Foghabhálacha scaoilte	Foghabháil iomlán de réir coir	Líon na n-aonán agus sainaitheantas speiceas
Limistéar peas-saighne san uisce	Brailéireacht	Gabháil iomlán de réir coir	Líon na ngníomhaíochtaí brailéireacht & iomláine de réir gníomhaíocht bhraileára
	Láimhseáil foghabhálacha agus scaoileadh sábháilte ainmhithe aonair (míolsiorcanna, roic na caille...)	Foghabháil iomlán de réir coir. Cur i bhfeidhm deachleachtas láimhseála agus scaoilte sábháilte	Mód láimhseála
	Scaoileadh foghabhálacha speiceas mór (míolsiorcanna, roic na caille...)	Foghabháil iomlán de réir coir Cur i bhfeidhm deachleachtas láimhseála agus scaoilte sábháilte.	Líon na n-aonán agus sainaitheantas speiceas
Deic thosaigh nó lár loinge	Gníomhaíocht FADanna (cur amach, athsholáthar, deisiú...)	An líon iomlán FADanna a cuireadh amach, dearadh FADanna agus gníomhaíochtaí FAD de réir turais	Líon, ábhar (nádúrtha nó saorga), agus saintréithe FADanna (FADanna fostúcháin nó neamhfhostúcháin)
An deic umair agus an crios iompair	Sórtáil an umair gabhála	Comhdhéanamh na speiceas	Meáchan, méid agus speiceas tuinníní coinnithe.
	Láimhseáil foghabhála	Dea-chleachtais	Mód láimhseála
	Meastachán ar fhoghabháil a aischuirtear, a scaoiltear saor nó a choinnítear	Foghabháil iomlán de réir coir Comhdhéanamh na speiceas Cur i bhfeidhm deachleachtas láimhseála agus scaoilte sábháilte.	Líon, méid nó meáchan na n-aonán, sainaitheantas speiceas agus cinniúint

Ar shoithí spiléireachta, is iad seo a leanas na limistéir íosta agus na gníomhaíochtaí a mholtar a chumhdach le ceamaraí (Tábla 2, Fíor 2):

- An limistéar ina gcortar an spiléar (ceamara lonnaithe ag deireadh an tsoithigh de ghnáth),
- limistéar tarlaithe an spiléir,
- an deic iascaireachta ar a láimhseáiltear an ghabháil,
- agus an limistéar uisce máguaird le haghaidh na speiceas aiscurtha sin nár tugadh ar bord
- Ní mór na gníomhaíochtaí seo a leanas a chumhdach leis na ceamaraí: cor an spiléir, faisnéis faoin gcineál baoite, cé acu atá nó nach bhfuil teicnící maolaithe á n-úsáid (e.g. línte scanraithe éan le haghaidh éanlaith mhara), tarlú an spiléir, gach speiceas a bhfuil duán ann (iad sin a choinnítear agus a aischnítear araon), cinniúint na gabhála, agus méid na n-eiseamal.
- Ar an gcuid is mó de na spiléir tuinníní, tá gá le 3 cheamara ar a laghad chun gníomhaíochtaí iascaireachta agus láimhseála éisc a chumhdach; ceann amháin lena ngabhtar íomhána agus an spiléar á chor, ceann amháin chun tarlú agus tabhairt ar bord na gabhála a thairfeadh, agus ceann eile suite ar an deic phróiseála chun speicis, méid na n-eiseamal agus a gcinniúint a thairfeadh. Agus moltar ceamara sa bhreis freisin chun an limistéar uisce máguaird a chumhdach le haghaidh na speiceas aiscurtha sin nár tugadh ar bord.



C1: Stern camera



C2: Fishing deck 1



C3: Fishing deck 2



Eochair Eolais:

- Ceamara 3: Gabhála a coinníodh, speiceas, méid agus cinniúint
- Ceamara 2: Gabhála agus ábhar muiri aiscurtha; speiceas, méid agus cinniúint
- Ceamara 1: Snámháin, duáin agus cor baoite

- C1: Ceamara ag deireadh an tsoithigh
- C2: Deic iascaireachta 1
- C3: Deic iascaireachta 2

Fíor 2. Sampla de threalamh FL 3 cheamara atá suiteáilte ar spiléar lena gcumhdaítear na príomhlímistéir iascaireachta agus oibríochtaí láimhseála éisc. Radharc na 3 cheamara: (painéal ar chlé) Ceamara ag deireadh an tsoithigh - cor spiléir lena soláthraítear faisnéis maidir le duáin, snámháin, teicnící maolaithe agus baoite; (painéal sa lár) Deic iascaireachta 1 — faisnéis tarlaithe, gabhálacha agus ábhar muirí aischurtha, sainaitheantas speiceas, méid agus cinniúint; agus (painéal ar dheis) Deic iascaireachta 2 — cinniúint na speiceas, méid, sainaitheantas speiceas (foinse: Seirbhís Breathnóra Digiteacha).

Tábla 2 - Cumraíocht ghinearálta agus limistéir/gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an gcóras FL ar bord soithí spiléireachta tuinníní trópaiceacha

Limistéar a chumhdaítear	Gníomhaíocht a chumhdaítear	Ceanglais íosta sonraí a bhfuil faireachán le déanamh orthu
Ceamara ag deireadh an bháid	Tús agus críoch na hoibríochta cortha	Suíomh, dáta, agus am
		Líon iomlán na nduán arna gcor agus an líon
		Líon iomlán na snámhán arna gcor
		An cineál baoite
		Speiceas an bhaoite
		Cóimheas baoite (%)
		Bearta maolaithe/truailliú muirí
Deic iascaireachta	Gabháil ar bord	Fad agus meáchan ⁷ de réir speicis/aonáin
		Bail
		Cinniúint
	Foghabháil a aischuireadh, a	Creachadóir arna bhreathnú
Limistéar próiseála	Gabháil	Foghabháil iomlán de réir coir
		Fad agus meáchan de réir speiceas/aonán
		Inscne
		Cinniúint
Limistéar uisce máguaird	Tús agus críoch na hoibríochta tarlaithe	Suíomh, am agus dáta
	Meastachán ar fhoghabháil a aischuirtear, a scaoiltear saor nó a choinnítear	Foghabháil iomlán de réir tacair agus comhdhéanamh speiceas
		Bail agus cinniúint an speicis

Ar shoithí cleithe agus dorú, is iad na limistéir íosta a mholtar a chumhdach le ceamaraí limistéar na gníomhaíochta iascaireachta baoite, limistéar an choir iascaireachta agus na gníomhaíochta iascaireachta cleithe agus dorú (ceamara lonnaithe ag deireadh an tsoithigh) agus an deic iascaireachta ar a láimhseáiltear an gabháil. Ar ghnáthshoithí cleithe agus dorú san Aigéan Indiach, beidh dhá

⁷ Arna mheas trí ghaolmhaireachtaí idir fad agus meáchan

cheamara nó trí cheamara ar a laghad ag teastáil chun príomhlímistéir gníomhaíochta iascaireachta, oibríochtaí láimhseála éisc agus iascaireacht bhaoite a chumhdach.